

# A OIBHNEAS



**Gráinne Mhaol**

# Gráinne Mhaol Ní Mháille Banríon na bhFoghláí Mara

Bhí clú agus cáil ar Chlann Uí Mháille mar mhairnéalaigh agus ba iad a bhí i gceannas ar an cheantar thart ar Chuan Mhodh i gContae Mhaigh Eo. Ba í Gráinne Ní Mháille iníon Eoin; bhí Eoin ina thaoiseach ar an gClann, Rugadh í sa



bhliain 1542 agus fuair sí an leasainm Gráinne Mhaol nuair a bharr sí a cuid gruaige agus í cúig bliana déag d'aois. Rinne sí seo de thairbhe gur dhiúltaigh a hathair í a thabhairt leis chun na Spáinne agus é ag dul thar sáile ag trádáil. Bhí sise den bharúil go mbeadh seans ní b'fhearr aici dul dá mbeadh sí níos cosúla le buachaill! Ba bhean chumasach í agus cé go raibh deartháireacha aici, ba ise a ceapadh mar cheannaire ar an gClann tar éis bhás a hathar. Bean ar leith a bhí inti, ní hé amháin go raibh sí i gceannas ar an gClann ach lean sí nós loingseoireachta na

Clainne, le cabhlach loingis faoina cúram agus sheas sí an fód in aghaidh chumhacht Shasana ar feadh breis is daichead bliain.

Cé go raibh na Sasanaigh ag iarraidh a ndlíthe a chur i bhfeidhm ar fud na tíre seo, ba bheag aird a thug muintir Uí Mháille orthu.



Lean siad leo ag trádáil leis an Spáinn agus le tír ar bith eile ba mhian leo agus rinne siad naimhde de na Sasanaigh, dá bharr.

Mar a rinne go leor clann eile, rinne na Máilligh creach i gcian agus i gcóngar. Agus de bharr gur chaith siad a lán ama ar an fharraige, is cosúil go ndearna siad creach ar muir freisin. Ina theannta sin ghearr siad cíos ar na longa agus na trádálaithe a sheol suas agus anuas cósta thiar na hÉireann. Mar sin ghnóthaigh Gráinne Mhaol leasainm eile - Banríon na bhFoghláí Mara.

Mar a luadh cheana, bhí choimhlint ann i gcónaí idir na Sasanaigh agus na Máilligh agus i ndeireadh na dála, ghabh na Sasanaigh mac Ghráinne Mhaol agus choinnigh siad mar ghiall é. Bhí fonn chomh láidir sin ar Ghráinne é a fháil ar ais, gur sheol sí ó chósta thiar na hÉireann anonn go cósta thoir Shasana agus suas abhainn na Tamaise go Londain ina long féin. Cé nach raibh Béarla ar bith ag Gráinne Mhaol



agus cé nach raibh Gaeilge ar bith ag an Bhanríon Eilís 1, bhí siad ábalta comhrá a bheith acu i Laidin. Rinne siad margadh eatarthu agus thug siad araon gealltanais ach is cosúil nár choinnigh ceachtar acu a bhfocal. Deirtear go bhfuair Gráinne Mhaol Ní Mháille agus Eilís 1 bás an bhliain chéanna - 1603.

# Cód -Thomhais

1,4,7,7,4,13,10,12

Piseanna

6,20,11,14,2,8,17,3

Bándearg

5,19,14,16,8,4,18,3

Fuinseog

9,15,2,8,4,14,14,4

Mallacht

Seasann na huimhreacha do na focail seo ach níl siad in ord.

Oibrigh amach cé acu sraith uimhreacha a sheasann do gach focal.

Ansin úsáid an t-eolas chun na focail thíos a oibriú amach.

(a) 6,20,4,13,10,12

(a) \_\_\_\_\_

(b) 12,4,1,4,7,7

(b) \_\_\_\_\_

(c) 9,18,19,12,4,5

(c) \_\_\_\_\_

(d) 8,4,2,9,4,3

(d) \_\_\_\_\_

(e) 1,4,13,12,15,18,8

(e) \_\_\_\_\_

(f) 2,13,4,1,4,7,7,4,13,10

(f) \_\_\_\_\_

(g) 8,4,3,7,4,11,2

(g) \_\_\_\_\_

(h) 6,18,8,4,2,12,4,7,4,15

(h) \_\_\_\_\_

(i) 2,11,17,14,14,4,13,10

(i) \_\_\_\_\_

(j) 17,11,16,8,4,13,10,4,2

(j) \_\_\_\_\_

(k) 3,8,4,7,5,10,4,14

(k) \_\_\_\_\_

(l) 7,8,11,9,18,8,4,13,10,19,14

(l) \_\_\_\_\_

# Gé Mé

1. Tá an chéad litir in TOIT ach níl sí in NAOI.
2. Níl an dara litir in BÉILE ach tá sí in BIA.
3. Tá an tríú litir in MÓIN ach níl sí in NÓIN.
4. Tá an ceathrú litir in SLIABH agus tá sí in GARDA.
5. Tá an cúigiú litir in LIATH ach níl sí in ATHAIR.
6. Tá an séú litir in LEABA ach níl sí in BAISTE.

*Leid: Seal ama atá i gceist*



1. Tá an chéad litir in OSCAIL ach níl sí in FOCAIL.
2. Níl an dara litir in DORAS ach tá sí in SEODRA.
3. Níl an tríú litir in TROM ach tá sí in TITIM.
4. Tá an ceathrú litir in CLISTE ach níl sí in CEIST.
5. Níl an cúigiú litir in GARDA ach tá sí in GAIRID.
6. Tá an séú litir in DROIM ach níl sí in ROIMHE.
7. Níl an seachtú litir in LIOS ach tá sí in SEOL.

*Leid: Créatúr a bhogann go mall*

# Ceanada



Is tír ollmhor í Ceanada, an dara tír is mó sa domhan, suite i dtuaisceart

Mheiricea Thuaidh. Tá sí 118 uair chomh mór le hÉirinn!

Cé gur tír fhairsing í, is beag an daonra atá aici - 34 milliún duine agus tá cónaí ar 90% den daonra laistigh de 100 míle ó theorainn na Stát Aontaithe. Tharla seo de thairbhe go bhfuil aeráid mheasartha i ndeisceart na tíre agus aimsir chrua, garbh sa chuid eile den tír.

Bíonn an geimhreadh fada crua i gCeanada.



Tháinig coilínigh ón Fhrainc agus ón Bhreatain go Ceanada sa 16ú & sa 17ú haois agus ba mhínic a bhí coimhlint ann eatarthu. Mar gheall ar an choimhlint sin tá dhá theanga oifigiúil sa tír go dtí an lá atá inniu ann, Fraincis agus Béarla. Is i bproibhinse Québec atá Montreal, an cathair is mó a labhraíonn daoine Fraincis sa domhan, taobh amuigh den Fhrainc í féin. Is í duilleog na mailpe an suaitheantas náisiúnta agus tá sí ar bhrat Ceanada

Tá abhainn an St. Lawrence inseolta do longa móra farraige ar feadh 3,500 km isteach i lár na tíre agus cónaíonn tromlach an daonra thart ar an cheantar seo agus na féarthailte saibhre taobh thiar de. Is é Ceanada an 6ú táirgeoir cruithneachta is mó sa domhan.

Tá cáil ar Mharcphóilíní Ceanada. Thart ar 140 bliain ó shin, b'aindlíthiúil an áit é iarthar Ceanada. Bhí mórán sealgairí buabhall (buffalo hunters), gaisteoirí, mianadóirí óir agus lucht trádála fionnadh nach raibh mórán airde acu ar an dlí. Bunaíodh Marcphóilíní an Iarthuaiscirt chun an dlí a chur i bhfeidhm timpeall 1875 i gcampa Calgary. D'fhás an campa seo isteach ina chathair ó shin.





Tá 54% den tír clúdaithe le foraoiseacha agus is tábhachtach na tionscail iad tionscal an laín (pulp) agus tionscal an pháipéir. Leagtar 50 crann gach bomaite de gach lá sa bhliain i gCeanada agus tá gléasra acu ar féidir leis crann a leagan agus na géaga agus an choirt a bhaint de i gcionn 5 soicind! Tír shaibhir atá inti le flúirse mianraí agus tá cuid mhaith tionsclaíochta sna cathracha in oirthear na tíre chomh maith le Vancouver agus Calgary.

Tá clú ar Ceanada mar thír spóirt gheimhridh agus is iad seo na spóirt gheimhridh is mó atá acu: haca oighir, rásaí madraí réileáin (dogsleigh racing), sciáil agus scátáil oighir. Tá córas iarnróid iontach ann a théann ón chósta thoir go dtí an chósta thiar i gCeanada chomh maith le mótar bhealach 6,400km idir Halifax ar chósta an Atlantaigh go Vancouver ar chósta an Aigéin Chiúin.



Tá deich bproibhinse sa tír, mar atá, Alberta, British Columbia, Manitoba, New Brunswick, Newfoundland and Labrador, Nova Scotia, Ontario, Prince Edward Island, Quebec agus Saskatchewan. Is iad Toronto, Montreal, Vancouver, Ottawa agus Calgary na cathracha is mó sa tír. Ba í treibh na nInuit na daoine dúchasacha a chuir fúthu i gCeanada i dtús ama. Níl fágtha ach timpeall 50,000 acu anois agus cónaí orthu fud fad chósta an Artaigh. Mar gheall ar an chúlú eacnamaíochta millteanach a tharla in Éirinn le roinnt blianta anuas, is ar Ceanada a thug cuid mhaith dár n-imircí féin a n-aghaidh as an tír seo agus fuair mórán acu fostaíocht agus slite beatha maithe ann.



# Tús & Deireadh


1. "Scaoilgí bhur bpiléir anois"
2. Shleamhaigh an bhean
3. Chuaigh na dreapadóirí ar seachrán
4. Bhí an calín ag casacht
5. Scóráil an leaththosaigh cúí
6. "Daoraim thú chun deich mbliana i bpríosún"
7. Chuaigh na ba amach ar an bhóthar
8. Ghéill na saighdiúirí
9. Cuirreadh an dlí ar an tiománaí
10. Níor fhéad an fear mé a chluinstin

- (a) arsa an breitheamh.
- (b) mar go ndeachaigh sé thart ar an timpeallán sa treo chontráilte.
- (c) tar éis ruathar aonair fada a dhéanamh.
- (d) mar go raibh siad timpeallaithe ag arm i bhfad ní ba mhó.
- (e) mar go raibh slaghdán trom uirthi.
- (f) arsa ceannaire an airm.
- (g) nuair a tháinig ceo trom anuas ar an sliabh.
- (h) mar go raibh moill éisteachta air.
- (i) mar go raibh an sconsa briste.
- (j) mar go raibh sioc ar an bhealach mhór.


Meitseáil an tús leis an deireadh ceart, le do thoil.



# PIRIMID UIMHREACHA




(1)



Líon  
isteach  
na ciorcail  
leis na huimhreacha cuí

(2)



Is ionann an uimhir sa  
chiorcal i lár an dá  
chiorcal atá faoi agus  
suiam na n-uimhreacha  
sa dá chiorcal sin.

$$\begin{matrix} (A) \\ (B) \\ (C) \end{matrix} \\ A = B + C$$

(3)



# An Portach

Crom agus tóg! Crom agus tóg! Duine ar bith a chaith tréimhse ag obair ar an phortach beidh siad ag déanamh iontais de bheith ag léamh ailt faoin phortach mar gur obair mhaslach í, dar le cách. Ach is suimiúil an scéal é scéal na móna, áfach.

Os cionn míle bliain ó shin, b'iomaí chuid d'Éirinn a bhí clúdaithe le foraoisí. Cé gur leagadh an-chuid crann de thairbhe riachtanais éagsúla, fuair cuid shuntasach díobh bás nó séideadh anuas iad i riasca ar fud na tíre. De réir a chéile lobh na crainn seo isteach sa talamh ach sna háiteanna ina raibh ithir aigéadach (acidic soil), níor lobh siad go hiomlán. Thar na cianta bhí crainn óga ag fás agus seanchrainn ag titim, agus de réir a chéile d'athraigh an talamh isteach ina phortach.

D'fhan an fuinneamh a bhí gafa sna crainn seo, áfach, agus tá sé fós sa mhóin atá le fáil sna portaigh seo. Is dá bharr seo gur féidir linn an mhóin a dhó. Ní rófhada gur thug daoine seo faoi deara agus gur thosaigh siad ag baint úsáide as foinse iontach an bhreosla shaoir seo. Leoga, murab é sárbhronntanas seo an dúlra, bheadh na mílte teaghlach ar fud na tíre ar an ghannchuid, thar na cianta.



Mo bhuíochas do John Hinde as cead a thabhairt don íomhá seo a úsáid. Tá priontaí den íomhá ar fáil ag: [www.johnhindestudios.com](http://www.johnhindestudios.com).

An Sleán



Cróigeadh  
Móna

Ós rud é go bhfuil cuid mhór de na portaigh caite san Eoraip, seachas san Fhionlainn, is rud uathúil é go bhfuil 15% de thalamh na hÉireann ina phortach. Is dócha gur tharla seo de bharr gur tír thalmhaíoch a bhí sa tír seo agus mar sin nach raibh an t-éileamh céanna ar fhuinneamh agus a bheadh i dtír thionsclaíoch. Tá an tAontas Eorpach imníoch faoi cé chomh tapa agus atá móin á baint ó na portaigh in Éirinn agus tá dlíthe nua i bhfeidhm chun cosc a chur leis an chleachtas seo. Tá suas le deich bportach druidte ag rialtas na hÉireann faoi láthair, le caomhnú na bportach mar aidhm acu agus is cinneadh é nach bhfuil mórán measa ag lucht bainte na móna air.

Tá dhá chineál portaigh ann: bratphortach (blanket bog) atá chomh domhain le timpeall 3m i dtalamh ard, fliuch; agus portach ardaithe (raised bog) atá chomh domhain le timpeall 7m, agus atá i lár na tíre, den chuid is mó. Is sampla maith de phortach ardaithe í Móin Alúine (Bog of Allen), an portach is mó in Éirinn, ina bhfuil beagnach ceathrú mhiliún acra i gContae na Mí, i gContae na hIarmhí, i gContae Chill Dara, i gContae Uíbh Fhailí agus i gContae Laoise. Bunaíodh Bord na Móna sa bhliain 1946 go mór mór chun Móin Alúine a shaothrú agus soláthraíonn sí móin do dhá mhonarcha brícíní agus do na trí stáisiún cumhachta i lár na tíre.

Maidir le baint na móna, tá dhá chóras ann - an bhaint mheicniúil a dhéantar ar phortaigh ardaithe agus an bhaint láimhe a dhéantar ar an bhratphortach le sleán. Is siombail bhuan d'iarthar na hÉireann agus den Ghaeltacht é an teach beag aol daite ceann tuí agus an chruach mhóna ag tóin an tí!





# TREO AMHÁIN ONE DIRECTION



Is banna buachaillí iad an grúpa ceoil One Direction. Is as an Mhuileann gCearr do Niall Horan agus is as Sasana an chuid eile den

bhanna; Liam Payne, Zayn Malik, Harry Styles, agus Louis Tomlinson. Tá clú agus cáil bainte amach acu ó tháinig siad sa tríú háit i gcomórtas X Factor sa bhliain 2010.

Shínigh siad conradh le comhlacht lipéid ceirnín Simon Cowell, Syco Records.

Ghnothaigh siad aitheantas idirnáisiúnta trí chumhacht na meáin shóisialta. D'eisigh siad dhá albam *Up All Night* sa bhliain 2011 agus *Take Me Home* sa bhliain 2012 a



chuaigh go barr na gcairteacha ar fud an domhain agus a ghin cnagshinglí (hit singles) *What Makes You Beautiful* agus *Live While We're Young*.

Deirtear gur cuid den Ionradh Briotanach nua-aimseartha iad sna Stáit Aontaithe agus ní iontas é, mar de réir an chomhlachta bainistíochta s'acu, Modest Management, tá 30 milliún singil agus

10 milliún albam díolta acu. Tá dhá Dhámhachtan Briotanach (Brit Awards) agus trí Dhámhachtan Ceol Físeáin MTV bainte amach acu agus b'fhiú \$50 milliún an comhlacht gnó One Direction i mí Meithimh sa bhliain 2012.



De réir na tuairisce is deireanaí, bhí €1 billiún (\$1,000,000,000) tuillte ag an bhanna ag deireadh 2013 agus ba iad an chéad banna ceoil riamh a thuill \$1 billiún i mbliain ar bith.

D'eisigh siad scannán 3D, *This Is Us* i mí Lúnasa 2013 agus go dtí seo, tá \$70,000,000 gnóthaithe ag an scannán. Níl a fhios agam an maith le gach duine a gcuid ceoil ach ní féidir a gcumas chun airgead a shaothrú a shéanadh.





# MICÍ S'AGAINNE



# Naomh Criostóir

I bhfad ó shin, sa Tír Bheannaithe, bhí fear mór, ard, toirtiúil ann darbh ainm Criostóir. Níorbh é an duine ba chliste sa tír ach fear láidir a bhí ann agus bhí sé i seirbhís rí na tíre. Ghlac sé ina cheann é go dtabharfadh sé seirbhís don rí ba mhó sa domhan agus nuair a chuaigh sé a fhad leis, chonaic sé é ag déanamh chomhartha na croise nuair a luaigh duine éigin ainm an diabhair. Mar sin, chuaigh sé ag lorg an diabhair agus tháinig sé ar cheannaire dream bhithiúnaigh a dúirt gurb é féin an diabhal. Ach nuair a chonaic Criostóir é ag seachaint croiche a bhí ar thaobh an bhealaigh mhóir agus nuair a fuair sé amach go raibh eagla air roimh Chríost, d'fhág sé é agus d'fhiafraigh sé cá hait a dtiocfadh sé ar an Chríost seo.

Tháinig sé ar dhíthreabhach (hermit) a chuir Criostóir ar an eolas faoin Chríostaíocht. Dúirt an díthreabhach leis urnaí agus troscadh (fasting) a dhéanamh ach dúirt Criostóir nach mbeadh maith ar bith ann ag dul dá leithéid. Bhí abhainn chontúirteach le sruth láidir tamall beag ar shiúl ón áit ina raibh an díthreabhach ina chónaí agus b'éigean do dhaoine ó na cnoic í a thrasnú chun an baile mór a bhaint amach. Bhí Criostóir mór, láidir agus dá bhrí sin, chomhairligh an díthreabhach dó go bhféadfadh sé daoine a iompar trasna na habhann contúirtí seo agus dá réir sin bheadh sé ag déanamh obair Dé.

Cúpla seachtain tar éis do Chríostóir an obair seo a thosú, tháinig páiste chuige lá amháin agus d'iarr air é a iompar trasna na habhann. Bhí tuile san abhainn an lá ceanna agus le gach coiscéim a ghlac Criostóir bhí an leanbh seo ag éirí ní ba throime. Trí ceathrú bealaigh anonn, shíl sé nach mbainfeadh sé an bruach eile amach, ach le sáriarracht agus dícheall mór, d'éirigh leis. "Chuir tú mé i mbaol mór ansin" arsa Criostóir. "Shíl mé go raibh meáchan an domhain ar mo ghuaillí." "Ní hamháin go raibh meáchan an domhain ar do ghuaillí" arsa an páiste "ach an Té a rinne an domhan freisin." "Is mise an páiste Críost agus tá tú do mo fhreastal." Agus d'imigh sé.




Bhuel nach ar Críostóir a bhí an t-iontas agus an t-uafás! "Bhí an leanbh Críost ar mo ghuaillí!" arsa sé lena chomrádaithe agus é tógtha. "Bhí mise á iompar! Agus mar sin chuaigh an scéal amach tríd an phobal agus ar fud na cruinne sa deireadh. Deirtear gurb é Offero a ainm bunúsach ach tugadh an t-ainm Críostóir nó Christopher air i mBéarla, ag teacht ón dá fhocal Laidineacha a chiallaíonn iompróir Chríost (Christ + fero).

Cé nach ndearnadh naomh oifigiúil de tugadh ómós agus onóir dó mar éarlamh (patron saint) na dtaistealaithe agus mar naomh ar feadh na gcianta. Feicfidh tú a lán bonn agus suaitheantas a bhfuil íomhá Críostóir orthu go dtí an lá ata inniu ann, á iompar ag Críostaithe i ngluaisteáin agus modhanna taistil eile ar fud an domhain.



# X-Fhocal




## Trasna

1. Suíonn tú uirthi (8)
5. Mura bhfuil éisteacht agat tá tú \_\_\_\_\_ (6)
6. Éanlaith a bhfuil dúil acu in aimsir fhliuch (7)
7. Téigh amach nó tar \_\_\_\_\_! (7)
8. Leanbh nó páiste óg (7)


## Anuas

1. Dún daingean (8)
2. Iasc, faighimid ola thairbheach óna ae (liver) (5)
3. Tá crainn déanta dá seo (6)
4. Iasc olach (7)




Áit a dtéann tú agus tú tinn.

## Anagramm



Cathair in Éirinn



Níl sé maith agus níl sé olc.

